Feirm Ghaoithe na hInse Móire
FuturEnergy Ireland
The Rubicon Centre
Baile an Easpaig
Corcaigh, T12 Y275

Aibreán, 2023

Tá súil agam go bhfuil tú go maith.

Tá mé ag glaoch ó dhoras go doras ag leanúint suas ar an mbróisiúr tionscadail maidir le Feirm Ghaoithe na hInse Móire a seachadadh le déanaí.

Más amhlaidh ná rabhais sa bhaile nuair a ghlaos agus dá mba mhaith leat a thuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal, dá mbeadh aon cheisteanna ar leith agat nó dá mba mhaith leat cruinniú a shocrú liom, déan teagmháil liom le do thoil ar m’uimhir theileafóin nó mo sheoladh ríomhphost thíos.

Ba mhaith linn cuireadh a thabhairt duit chuig Clinic Rannpháirtíochta Pobail maidir le Feirm Ghaoithe na hInse Móire sa halla i gCúil Aodha. Ára Éamonn Mac Suibhne, Cúil Aodha, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí, P12 HY57, ar an Déardaoin 20 Aibreán ó 12:00 meán lae go 20:00 agus ar an Aoine 20 Aibreán ó 12:00 meán lae go 18:00. Tá súil againn tú a fheiceáil ag an gclinic, áit ar féidir leat bualadh le foireann Fheirm Ghaoithe na hInse Móire go pearsanta, féachaint ar fhaisnéis an tionscadail agus aon cheisteanna atá agat a chur.

Fógrófar an t-eolas comhairliúcháin poiblí thuas go háitiúil agus sna nuachtáin chomh maith sna laethanta amach romhainn.

Munar féidir leat bheith páirteach sa chlinic pearsanta, is féidir leat ríomhphost, glaoch nó téacs a chur chun freagraí a fháil ar do cheisteanna nó iarraidh orm go gcoimeádfaí suas chun dáta tú maidir leis an tionscadal fuinnimh in-athnuaite seo.

Le teacht ar gach eolas a eisíodh go dtí maidir leis an bhFeirm Ghaoithe atá beartaithe don Inse Mhór, lena n-áirítear liosta Ceisteanna Coitianta (CCanna) agus gach nuachtlitir go dtí seo agus nuashonrúcháin, agus rochtain ar Chur i Láthair Fíorúil an tionscadail, tabhair cuairt le do thoil ar www.inchamorewindfarm.ie.

Is mise le meas,

------------------------------

Breandán Ó Tuama
Oifigeach Idirchaidreamh Pobail

Teileafón díreach: 087 971 2151
R-phost:inchamore@futurenergyireland.ie